

GNÍOMHAÍOCHTAÍ A DHÉANAMH AR AN LEIBHÉAL ÁITIÚIL DE RÉIR AN CHOMHAONTAITHE GHLAIS DON EORAIP

Dearbhú ó cheannairí áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa

Athdhearbháimidne, ceannairí áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa, ár dtiomantas chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach inár geríocha agus rannpháirtíocht na saoránach, na bhfiontar agus na bpobal áitiúil a áirithiú ar an dóigh is fearr is féidir.

Cuid I: Brollach

Aithnímid an staid dhomhanda chriticiúil agus na dúshláin phráinneacha atá os comhair na hEorpa faoi láthair. Na hiarrachtaí atá ar bun chun teacht ar réitigh ar an ngéarchéim thriarach phláinéideach¹, tá siad faoi bhagairt ag staidanna geopholaitiúla éagobhsaí. Sa chomhthéacs sin, is ionann an Comhaontú Glas don Eoraip agus fíis chlaohlaitheach do thodhchaí inbhuanaithe na hEorpa, fíis nach mór a chosaint agus a fhorbairt tuilleadh.

Agus an tAontas ag tabhairt faoi chéim nua tar éis thoghcháin 2024, mar atá, cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais, ba cheart i bhfad níos mó béime a leagan ar bheartais a cheapadh lena gcumasófar cur i bhfeidhm céimneach beart ‘gan aiféala’ agus lena gcuirfear dlús le cur chun feidhme na réiteach áitiúil maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin araon. Beidh breisluach inbhraite ag baint leo sin dár ngnólachtaí agus dár bpobail agus cuirfear dlús leis an aistriú chuig an aeráidneodracht ag an am céanna.

Tá ról lárnach ag rialtais áitiúla agus réigiúnacha maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip a chur chun feidhme. Is sinne is fearr atá in ann, i bhfianaise a ghaire atáimid do na saoránaigh agus na gnólachtaí, geallsealbhóirí agus pobail áitiúla a chur san áireamh trí na dálaí agus an tacaíocht is gá a chruthú chun go mbeidh rath ar thionscnaimh áitiúla, rud a chinnteoidh go ndéanfar gníomhaíochtaí fóinteacha, éifeachtacha agus inlámhsithe a rachaidh chun tairbhe do gach duine de réir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Chun beart a dhéanamh de réir ár mbriathar, ní mór dúinn feidhmiú sa chomhthéacs ceart. Cé go mbímid ag díriú ar straitéisí a cheapadh chun cabhrú le saoránaigh, le geallsealbhóirí agus le fiontair páirt a ghlacadh san iarracht seo, ba cheart ár n-acmhainneacht maidir le slógadh agus cur chun feidhme a bheith leabaithe ar bhealach níos láidre sa Chomhaontú Glas don Eoraip, agus ba cheart ár riachtanais, ár mbacainní agus ár ndeiseanna a chur san áireamh agus an creat reachtach Eorpach a fhorbairt.

¹ [What is the Triple Planetary Crisis? | Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.](#)

Seo thíos an seasamh atá againn mar cheannairí áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa:

- Athdhaingnímid go bhfuil rún daingean againn gníomhú mar chomhghuailithe lárnacha de chuid an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát chun **gníomhaíochtaí uailmhianacha claochlaitheacha a chur chun feidhme**, gníomhaíochtaí arb é is aidhm dóibh an Comhaontú Glas don Eoraip a bhaint amach ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach.
- Athdhearbhaímid go bhfuilimid toilteanach **cumais agus scileanna níos láidre** a fhorbairt chun tionscadail an Chomhaontaithe Ghlais a chur chun feidhme, lena gcothófar nuálaíocht, comhar agus rannpháirtíocht na saoránach laistigh dár réimsí éagsúla beartas poiblí agus tharstu.
- Cuirimid chun suntais go dtionscnaíonn rialtais áitiúla agus réigiúnacha go leor **gníomhaíochtaí agus spriocanna nithiúla saincheaptha** chun na saoránaigh, na geallsealbhóirí agus na frontair a spreagadh le páirt ghníomhach a ghlacadh. Mar sin féin, leagaimid béim ar an ngá atá le planáil a dhéanamh le haghaidh **comhtháthú rialachais il-leibhéil níos fearr agus le haghaidh rochtain dhíreach ar chistiú**.
- Cuirimid fáilte roimh an **bhfás atá tagtha ar ionstraimí tacaíochta an Aontais**² do rialtais áitiúla agus réigiúnacha i réimsí éagsúla beartais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip. Mar sin féin, **tugaimid rabhadh** go bhféadfadh sé nach mbeadh an leathadh sin ag freagairt do mhéadú coibhéiseach ar a dtionchar intomhaiste³.

Cuid II: Moltaí

Sa chomhthéacs sin, seo thíos an seasamh atá againn mar cheannairí áitiúla agus réigiúnacha na hEorpa:

1. Iarraimid ar na comhreachtóirí agus ar na Ballstáit próisis **rialachais il-leibhéil** éifeachtacha a athdhearadh sa dóigh is go dtabharfar an t-aitheantas, an infheictheacht agus an tacaíocht iomlán is gá chun gníomhaíocht luathaithe agus scálaithe ó ghníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha a chumasú, agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna dár ndálaí agus dár n-acmhainní éagsúla chun aeráidneodracht agus athléimneacht a bhaint amach.

² Lena n-áirítear tionscnaimh amhail Cúnant na Méaraí um an Aeráid agus an Fuinneamh, Comhaontú na gCathracha Glasa, an Tionscnamh um Chathracha agus Réigiúin Chiorclacha, *Intelligent Cities Challenge*, agus eile.

³ [Tionchar thionscnaimh aeráide agus fuinnimh an Aontais ar aistriú aeráide na gcathracha](#), CnaR, an tAontas Eorpach, 2023 (níl leagan Gaeilge ann).

2. Iarraimid ar na comhreachtóirí agus ar na Ballstáit feabhsuithe a thabhairt isteach le haghaidh córas faireacháin comhchuibhithe laistigh de rialachas an Aontais Fuinnimh, ionas go bhféadfar **iarrachtaí agus rannchuidithe na rialtas áitiúil agus réigiúnach a chomhtháthú** trí chórais faireacháin atá comhleanúnach le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus lena n-urramaítear sainiúlachtaí náisiúnta.
3. Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit **ardáin tacaíochta** atá leordhóthanach a chur ar fáil le haghaidh **scileanna agus fothú acmhainneachta** do rialtais áitiúla agus réigiúnacha agus dá ngeallsealbhoirí, rud a éascóidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais agus an faireachán a dhéantar air.
4. Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach **ionstraimí tacaíochta níos solúbtha agus níos cuimsithí**⁴ a chur ar fáil dúinn lena gcuirfí ar ár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uathúla atá romhainn trí leas a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil sna comhthéacsanna áitiúla agus réigiúnacha, agus ag an am céanna feabhas a chur ar inrochtaineacht agus cuimsitheacht na n-ionstraimí tacaíochta agus na sruthanna maoiniúcháin (e.g. cistí comhtháthaithe, ciste téarnaimh, ciste um aistriú cóir, ciste aeráide sóisialta i measc nithe eile) do ghrúpa níos leithne d'údarais áitiúla agus réigiúnacha.
5. Iarraimid go mbeadh **sineirgí níos láidre idir ionstraimí tacaíochta an Aontais**⁵ agus **tionscnaimh, próisis phleanála agus bearta na mBallstát** d'honn an t-athneartú frithpháirteach agus an chuimsitheacht a fheabhsú, agus an tacaíocht theicniúil agus airgeadais a theastaíonn ó na húdarais áitiúla agus réigiúnacha chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chur i gcrích ar an láthair a chur ar fáil.
6. Iarraimid go ndíreofaí ar **shineirgí idir cistiú an Aontais atá ann cheana agus ionstraimí tacaíochta**⁶ chun go mbeadh tionchair níos mó ann agus chun bacainní beartais fritorthúla, dúbailt agus ualaí riaracháin nach bhfuil gá leo a sháru.
7. Iarraimid ar na comhreachtóirí **tacaíocht airgeadais bhreise ón Aontas a chur ar leataobh** a bheidh **le díriú go díreach** ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach, chun a áirithiú gur féidir na gealltanais pholaitiúla a chomhlíonadh trí phíblínte láidre cur chun feidhme a chruthú.

⁴ Lena n-áirítear tionscnaimh amhail Cúnant na Méaraí um an Aeráid agus an Fuinneamh, Comhaontú na gCathracha Glasa, an Tionscnamh um Chathracha agus Réigiúin Chiorclacha, *Intelligent Cities Challenge*, agus eile.

⁵ Idem.

⁶ Idem.

8. Spreagaimid tuilleadh **ailínithe agus comhtháthaithe idir cistí Bheartas Réigiúnach agus Comhtháthaithe an Aontais** agus cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais agus ionstraimí tacaíochta⁷ d'údaráis áitiúla agus réigiúnacha.
9. Molaimid go dtabharfaí isteach níos mó **cistí atá nasctha le feidhmíocht** agus sásraí a bheith ag gabháil leo a thabharfaí luach saothair do rialtais áitiúla bunaithe ar spriocanna a bhaineann leis an gcomhshaol, leis an tsochaí agus le geilleagar glan a bhaint amach, agus sainiúlachtaí náisiúnta gach Ballstáit á gcur san áireamh.
10. Molaimid an comhar a fheabhsú trí **thascfhórsa um an gComhaontú Glas ar an Leibhéal Áitiúil** a bhunú idir an Coimisiún Eorpach agus Coiste na Réigiún chun bheith ina mhol lárnach le dul i dteagmháil le rialtais áitiúla agus réigiúnacha, iarrachtaí a chomhordú i measc ionstraimí tacaíochta an Aontais, agus treoir a thabhairt maidir le beartais an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a ailíniú le cumais agus riachtanais áitiúla agus réigiúnacha.

Cuid III: Conclúid

Tá sé ríthábhachtach rialtais áitiúla agus réigiúnacha a chumhachtú mar phríomhghníomhaithe don athrú, chun cur chun feidhme rathúil an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a áirithiú.

Ach **feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí atá againn , tacaíocht airgeadais spriocdhírthe a chur ar fáil, constaicí beartais a bhriseadh**, agus **idirphlé struchtúrach a bhunú**, is féidir leis an Aontas leas iomlán a bhaint as acmhainneacht na dtionscnamh áitiúil agus réigiúnach lena spreagar claochlú inbhuanaithe, agus ailíniú á dhéanamh ag an am céanna le réaltachtaí áitiúla agus réigiúnacha. Leis an gcur chuige sin, bainfear leas as an muinín atá ag saoránaigh agus ag gnólachtaí sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus, ar an gcaoi sin, áiritheofar comhordú agus ailíniú leanúnach agus déanfar fíis an Comhaontaithe Ghlais don Eoraip a fhíorú.

⁷

Idem.